Léachtóir i dTeicneolaíochtai Teanga (post amháin)
Scála Tuarastail: €41,502–€51,724

Post lánaimseartha in FIONTAR
Ar conradh 3 bliana (Aibreán 2011– Márta 2014)

Tá cúig thionscadal taighde faoi chúram FIONTAR faoi láthair: www.focal.ie, www.logainm.ie, www.ainm.ie, www.iate.europa.eu (na téarmaí Gaeilge) agus tionscadal téarmaí dlí bunaithe ar ionstraimí reachtúla agus foinsí eile. Tá meitheal taighde lánaimseartha in FIONTAR agus beidh an léachtóir a cheapfar ag obair i ndlúthpháirt leis an bhfoireann sin ar fad.

Post taighde agus forbartha é seo go príomha. Príomhchúram an phoist seo ná bainistiú, cothabháil, riar agus forbairt na gcóras teicniúil uile ar thionscadail taighde FIONTAR sna daonnachtaí digiteacha Gaeilge. Tá bunachair sonraí agus suíomhanna gréasáin dhinimiciúla i gceist agus beidh an té a cheapfar freagrach as:

- tuairisciú agus doiciméadú teicniúil a chur ar fáil i nGaeilge;
- scripteáil a dhéanamh agus uathoibriú próiseas eagarthóireachta;
- pleanáil straitéiseach do na córais;
- socruithe slándála, óstála agus cúltaca a dheimhniú i gcomhar le seirbhísí ríomhaireachta na hollscoile;
- stiúradh obair chomhairleoirí seachtracha.

Beidh sé/sí freagrach as gach gné den obair theicniúil ó phleanáil na hoibre go cur i gcrích. Beidh dualgais áirithe teagaisc ar an léachtóir freisin.

Riachtanais: Beidh bunchéim onóracha sa ríomhaireacht nó sa ríomhtheangeolaíocht ag an té a cheapfar mar aon le trí bliana de thaithí ghairimiúil nó thaighde i réimse theicneolaíocht na faisnéise. Is gá taithí ar obair thionscadal i suíomh gairmiúil nó acadúil. Beidh saineolas agus taithí mhaith ag an duine seo ar bhunachair sonraí a dhearadh agus a bhainistiú, ar réitigh chuí a fhorbairt do phróisis eagarthóireachta agus ar acmhainní a fhoilsiú ar an ngréasán domhanda. Bheidh scileanna ríomhchláraithe agus ríomhscriptithe aige/aici freisin mar aon le hardchaighdeán Gaeilge idir labhairt agus scríobh. Beifear ag súil ag mbeidh PhD bainte amach ag an té a cheapfar nó go mbeidh sé/sí i ngar don sprioc sin a bhaint amach.

Tá an tionscadal focal.ie á mhaoiniú ag Foras na Gaeilge agus tá páirtmhaoiniú ag na tionscadail eile ón Roinn Gnóthaí Pobail Comhionannais agus Gaeltachta.

Spriocdháta iarratais: Dé hAoine, 11 Feabhra 2011.

Tá foirmeacha iarratais ar fáil ó: Human Resources Department, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, Glas Naíon, Baile Átha Cliath 9. Fón: +353 (0)1 700 5149; Faics: +353 (0)1 700 5500
R-phost: hr.applications@dcu.ie
www.dcu.ie/vacancies/current.shtml
Fostóir comhdheiseanna is ea Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath.

Tá fáilte roimh iarrthóirí teagmháil le FIONTAR chun an post seo a phlé:

An Dr Caoilfhionn Nic Pháidín
01-7005173
caoilfhionn.nicphaidin@dcu.ie